

Léiríonn do thoradh ainéaras aortach boilg (AAB) beag



**Cad a tharlaíonn
anois?**



Do thoradh scagthástála


Fuair muid amach go bhfuil cuid de d'aorta beagán níos leithne ná mar is gnách. Ciallaíonn sé seo go bhfuil ainéaras aortach bhoilg (AAB) beag ort.

Bíonn AAB beag ar thart ar fhear amháin as 80 a ndéantar scagthástáil orthu. Tabharfaimid cuireadh duit scanadh ultrafhuaimne a bheith agat **gach bliain** le feiceáil an bhfuil do AAB ag éirí níos mó.

Cad atá i gceist leis an bhileog seo?

Sa bhileog seo gheobhaidh tú eolas ar:

- cad is AAB ann
- cad is brí le do thoradh scagthástála AAB
- cad a tharlóidh ina dhiaidh.




Cad is AAB ann?

Is é an t-aorta an príomhartaire a sholáthraíonn fuil do do chorp. Téann an t-aorta ó do chroí síos trí do chliabhach agus bolg. De réir mar a éiríonn roinnt daoine níos sine, is féidir le balla an aorta sa bholg éirí lag agus líonadh chun ainéaras a dhéanamh, giota cosúil le boilsc i seanbhonn cairr. Tugtar ainéaras aortach boilg air seo.

Bíonn ainéaras i gceist má tá cuid den aorta laistigh den bholg 30 mm ar leithead nó níos leithne. Ó am go chéile d'fhéadfadh AAB fás go dtí níos mó ná 55 mm ar leithead. Is AAB mór é seo. Ag an pointe seo, tá baol suntasach ann go bpléascfaidh an balla artaire agus go mbeidh sé ag cur fola isteach sa bholg. Is éigeandáil thromchúiseach í seo.

AAB beag	30 mm - 44 mm
AAB meánach	45 mm - 54 mm
AAB mór	55 mm nó níos mó



Cén fáth a bhfaighimid AABanna?

Braitheann an baol go bhfaighfeá AAB ar d'aois agus ar do ghéinte. Bíonn AAB ar thart ar fhear amháin as 80 atá 65 bliain d'aois i dTuaisceart Éireann. Méadaíonn an baol go mbeadh AAB ort má tá, nó má bhí, ainéaras aortach boilg ar do dheartháir, do dheirfiúr nó do thuismitheoir.

Is eol go mbíonn AABanna níos mó agus go méadaítear an riosca a bhaineann leo le caitheamh tobac, colaistéaról ard agus brú fola ard.

An bhfuil AAB beag tromchúiseach?

Is annamh a bhíonn AAB beag tromchúiseach. Fásann an chuid is mó de na hainéarais go han-mhall, mar sin de ní bhfaighidh go leor fear a bhfuil AAB beag orthu AAB meánach nó mór.

Mar sin féin, tá sé tábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar mhéid d'ainéarais go rialta ar eagla go n-éiríonn sé níos mó.

Cad a tharlóidh ina dhiaidh sin?

Déanfaidh altraspeisialtóir soithíoch teagmháil leat laistigh de dhá lá oibre ó do dhiagnóis. Tabharfaidh siad comhairle duit maidir le do shláinte ghinearálta agus conas a d'fhéadfadh coinníollacha eile dul i bhfeidhm ar d'ainéaras.

Níl aon chóireáil de dhíth ort faoi láthair. Mar sin féin, ba cheart monatóireacht a dhéanamh ar d'ainéaras **uair sa bhliain** trí scanadh ultrafhuaime.

Tá sé tábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar d'ainéaras ar eagla go bhfásann sé. Seolfaimid litir chugat le dáta do chéad choinne eile. Má athraíonn do sheoladh idir an dá linn, cuir é sin in iúl d'oifig an chláir scagthástála ar 028 9615 1212.

Garghaolta

Ba chóir duit a chur in iúl d'aon deartháireacha, deirfiúracha nó leanaí go gciallaíonn do AAB go bhfuil riosca ann dóibh fosta. Is féidir leo ceist a chur ar a ndochtúir teaghlaigh faoin fhéidearthacht scanadh a iarraidh agus iad 5 bliana níos óige ná an aois ag a bhfuarthas do AAB.

Tiomáint

Tiománaithe cairr agus gluaisrothair:

- Ní mór duit an DVA a chur ar an eolas má fhásann do AAB go 60 mm nó níos leithne.
- Cuirfear ar fionraí thú ó bheith ag tiomáint má éiríonn sé 65 mm ar leithead nó níos mó.

Tiománaithe tacsáí, mionbhus, bus, cóiste, leoraí agus HGV:

- **Ní mór duit an DVA a chur ar an eolas má tá AAB agat de mhéid ar bith.**
- Cuirfear ar fionraí thú ó bheith ag tiomáint má éiríonn sé 55 mm ar leithead nó níos leithne.

Cuir ceist ar do dhochtúir nó ar do lia comhairleach mura bhfuil tú cinnte.

Féadfar gach ceadúnas a chur ar ais nuair a éiríonn le cóireáil don ainéaras.

Cad a tharlaíonn ag scanadh monatóireachta?

Mairfidh an scanadh monatóireachta thart ar 10 nóiméad. Tabharfar toradh do scanadh duit ag an am. Cuirfimid na torthaí ón scanadh in iúl do do dhochtúir teaghlaigh fosta.



Cad a tharlaíonn má mhéadaíonn mo AAB?

Má fhásann do AAB beag agus é anois ina AAB meánach, méadóidh minicíocht do scanadh ultrafhuaime go dtí uair amháin gach trí mhí.

An féidir liom aon rud a dhéanamh chun stop a chur leis an AAB ag éirí níos mó?

D'fhéadfadh stíl mhaireachtála níos folláine moill a chur ar fhás d'ainéarais:

- Má chaitheann tú tobac, cuir stad leis. Gabh chuig www.stopsmokingni.info chun eolas agus comhairle a fháil maidir le stad a chur le caitheamh tobac, agus sonraí a fháil maidir leis an tseirbhís shaor in aisce is gaire duit chun tacú leat stad a chur leis an caitheamh.
- I ndiaidh duit toradh AAB a fháil, eagraigh cuairt ar do dhochtúir teaghlaigh chun d'airde, do mheáchan agus do bhrú fola a sheiceáil.
- Bíodh aiste bia shláintiúil chothrom agat agus laghdaigh an méid de bhia sailleach a itheann tú. Gabh chuig www.choosetolivebetter.com le haghaidh tuilleadh eolais agus comhairle.
- Má tá tú róthrom, déan iarracht meáchan a chailleadh.
- Déan aclaíocht rialta.
- Má ólann tú alcól, laghdaigh an méid a ólann tú.

Beidh do dhochtúir teaghlaigh in ann comhairle a thabhairt duit maidir leis na saincheistanna seo ar fad. B'fhéidir go mbeidh siad ag iarraidh piollaí a thabhairt duit agus monatóireacht a dhéanamh ar do bhrú fola.

Ní gá duit aon athruithe eile a dhéanamh ar do stíl mhaireachtála. Ba chóir duit leanúint ar aghaidh a bheith gníomhach go fisiciúil agus sult a bhaint as aon caitheamh aimsire. Déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh má tá aon imní ort. Mar aon le riocht sláinte ar bith, ba chóir duit **d'árachóirí a chur ar an eolas a luaithe is féidir**, lena n-áirítear do sholáthraí árachais taistil.

Cé mhéad uair a bheidh orm teacht ar ais?

Tá gach duine difriúil. Ní féidir a rá go díreach cé mhéad scanadh a bheidh de dhíth ort.

Má athraíonn tú do sheoladh, ba cheart duit oifig an chláir scagthástála a chur ar an eolas a luaithe is féidir.

Cén fáth nár chóir d'obráid a bheith agam anois?

Baineann roinnt rioscaí le gach obráid agus níl aon difear ann leis an obráid le haghaidh AAB. Bíonn i bhfad níos mó rioscaí ag obráid le haghaidh AAB beag ná mar a bhíonn ag an ainéaras féin, mar sin is é an bealach is fearr chun do AAB beag a rialú ná stíl mhaireachtála níos sláintiúla a chaitheamh agus comhairle ó do dhochtúir teaghlaigh a leanúint.

Má fhásann do AAB beag go dtí go bhfuil sé ina AAB mór, is féidir leis an bhaol go bpléascfaidh sé a bheith níos mó ná an baol obráide, mar sin d'fhéadfaí d'oiriúnacht maidir le máinliacht chun é a dheisiú a mheas ansin.

Cad iad na siomptóim a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhfuil an AAB i ndiaidh pléascadh?

Tá sé thar a bheith neamhghnách go bpléascfadh AAB beag, ach tá sé tábhachtach go bhfuil tú ar an eolas faoi aon chomharthaí d'ainéaras pléasctha. Má tá diagnóis agat go bhfuil AAA ort agus **má tá siomptóim nua de phianta boilg agus/nó pian in íochtar do dhroma ort atá dian, leanúnach**, ba chóir duit cabhair leighis láithreach a lorg i roinn éigeandála. Déan cinnte go gcuireann tú in iúl d'aon fhoireann leighis go bhfuil AAB ort a aimsíodh trí scagthástáil.

Conas a úsáidfean m'fhaisnéis scagthástála AAB?

Coimeádfaidh clár scagthástála AAB i dTuaisceart Éireann taifead de d'fhaisnéis scagthástála phearsanta lena n-áirítear torthaí tástála agus íomhánna scanta. Féadfaidh baill foirne atá ag obair don chlár do thaifid a fheiceáil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. Coinneofar aon fhaisnéis a bhaineann leat faoi rún daingean.



Úsáidfean an fhaisnéis chun monatóireacht agus feabhsú a dhéanamh ar cháilíocht an chláir agus ar shaineolas na foirne scagthástála. Is cuid thábhachtach é seo d'aon chlár scagthástála. Is féidir í a úsáid fosta chun críocha iniúchta, taighde, oideachais agus oiliúna laistigh de Chúram Sláinte agus Sóisialta. Má tharlaíonn sé seo, bainfean do shonraí aitheantais pearsanta.

Cad é mar is féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Le haghaidh tuilleadh eolais nó chun an bhileog seo a fháil i dteanga nó i bhformáid eile:

- glaoigh ar oifig chlár scagthástála AAB ar **028 9615 1212**
- tabhair cuairt ar na láithreáin gréasáin: www.nidirect.gov.uk/aaa agus www.publichealth.hscni.net
- déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh.

Is féidir leat eolas agus tacaíocht a fháil fosta ón Circulation Foundation, carthanacht sa Ríocht Aontaithe do dhaoine a bhfuil galair shoithíocha orthu. Tabhair cuairt ar a láithreán gréasáin ag: www.circulationfoundation.org.uk



Public Health Agency

12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.

Teileafón: 0300 555 0114 (ráta áitiúil).

www.publichealth.hscni.net

Faigh sinn ar:

